Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Aibreán 2024
(OR. en)

8990/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0334(NLE)

JAI 645
FRONT 125
VISA 55
SIRIS 22

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha. don tréimhse 2021 go 2027<br>– Glacadh |

1. An 21 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle an Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an Íoslainn, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus na tíortha sin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, chomh maith leis na treoracha caibidlíochta.

2. Is é is cuspóir don chomhaontú an ranníocaíocht ón Lichtinstéin a shocrú don Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí don tréimhse 2021-2027 agus maidir leis na rialacha forlíontacha is gá le haghaidh na rannpháirtíochta sin.

3. Thug an Coimisiún agus Lichtinstéin an chaibidlíocht chun críche go rathúil.
An 29 Meán Fómhair 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le rialacha forlíontacha i ndáil leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, agus togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe[1]. Dhearbhaigh na toscaireachtaí go n-aontaíonn siad leis na tograí ag an gcruinniú de Chomhairleoirí CGB a bhí ar siúl an 9 Deireadh Fómhair 2023. Ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir leis an síniú an 13 Samhain 2023 agus featured síníodh an Comhaontú an 28 Samhain 2023 sa Bhruiséil, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

4. I gcomhréir le hAirteagal 218(6)(a)(v) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacfaidh an Chomhairle an cinneadh lena dtabharfar an Comhaontú i gcrích, tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

5. An 17 Samhain 2023, chuir an Chomhairle an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe agus téacs an Chomhaontaithe ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil.

6. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[2]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

7. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

---

[1] 13583/23 + ADD 1 agus 13585/23 + ADD 1.
[2] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

8. An 10 Aibreán 2024, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an Comhaontú a thabhairt i gcrích[3] agus thug sí treoir dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) an Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích, mar a leagtar amach in 13936/23 é, a ghlacadh mar mhír 'A', mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, agus

   (b) cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 17(1)(d) de Rialacha agus Nósanna Imeachta na Comhairle, go bhfoilseofar téacs an Chinnidh thuas, mar aon le téacs an Chomhaontaithe, san Iris Oifigiúil, sraith 'L'.

Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

---

[3] P9_TA(2024)0217